**RABHADH**

Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.

**M. 41T**

Scríobh d'uimhir scrúduithe anseo ☞

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999**

EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - GNÁTHLEIBHÉAL
**(320 marc)**

**DÉARDAOIN 24 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 - 12.00**

Freagair cúig cheist déag as Cuid I agus ceithre cheist as Cuid II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh ar Chuid I.

**Cuid I (120 marc)**

**Freagair cúig cheist déag.**
**Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**
**Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.**

1. Is é an céatadán den *Olltáirgeacht Intíre* a bhaineann faoi láthair le Talmhaíocht i staitisticí oifigiúla na hÉireann ná timpeall__________ %.

2. Is éard is feirmeoir ann ______________________________

3. Cad is feirm theaghlaigh ann?

4. Cad is Clár Comhardaithe feirme ann?

5. Conas a chuireann séasúrachas isteach ar leibhéal phraghsanna feirme?

6. Ainmnigh critéar amháin a d'fhéadfadh feirmeoir a úsáid le teacht ar chinneadh faoi tháirgeadh.

7. Tá praghasleaisteachas an tsoláthair i gcás mhórchuid na dtáirgí talmhaíochta measartha íseal. Mínigh é sin.

8. Táirge Ioncaim Teorannach = Praghas iolraithe le ______________________________

9. Cad é an *corrlach margaíochta*? ______________________________

______________________________

10. Cén t-eolas a thugann an tInnéacs Praghsanna Bia dúinn?

______________________________

______________________________

11. Tabhair *sampla amháin* d'athrú dearfach fardail i gcuntasaíocht fheirme.

______________________________

______________________________

12. Ainmnigh *sócmhainn seasta amháin* ar Chlár Comhardaithe feirme.

______________________________

13. Tá luach láithreach shuim airgid a gheofar i gceann cúig bliana ____________ ná an tsuim airgid iarbhír a gheofar.

14. Ainmnigh Cáin Cheannaigh *amháin* nó Cáin Díolacháin *amháin* a bhíonn ar fheirmeoirí a íoc.

______________________________

15 Ainmnigh *ionadú acmhainne* tábhachtach amháin atá ag tarlú i dTalmhaíocht na hÉireann de réir a chéile.

______________________________

16. Cén fáth nach leor a thuilleadh an t-ioncam ó fheirmeoireacht mar fhoinse sásúil stádais ioncaim ina lán líonta tí feirmeoireachta?

______________________________

______________________________

17. Cad é feidhm an COPA san AE?

______________________________

18. Cén chuid den pholasaí talmhaíochta ar a gcaitear an chuid is mó den chaiteachas faoin **gComhbheartas Talmhaíochta**?

______________________________

19. Ainmnigh dhá thráchtearra a rialaíonn cuótaí ag leibhéal na feirme faoin gComhbheartas Talmhaíochta.

(i)____________________

(ii)____________________

20. Cad faoi a raibh Thomas Malthus buartha?

______________________________

______________________________

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

## EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - GNÁTHLEIBHÉAL

## DÉARDAOIN 24 MEITHEAMH - MAIDIN 9.30 - 12.00

Tá Cuid 1 ar bhileog ar leithligh a bhfuil spásanna uirthi do do chuid freagraí. Ba chóir go mbeadh an bhileog líonta sin le do fhreagarleabhar.

### CUID II (200 marc)


**Freagair ceithre cheist.**
**Scríobh do fhreagraí don chuid seo i do fhreagarleabhar.**
**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** "Ní bhíonn mórán cumhacht margála ag feirmeoirí agus iad i mbun margaíochta ar a gcuid táirgí."
Mínigh *an chúis atá leis sin* agus *déan cur síos* ar aon dá chur chuige a d'fhéadfadh é sin a leigheas.

**2.** "Braitheann éifeacht in athrú praghais ar fhreagairt soláthair ar an méid ama a bhíonn ag an bhfeirmeoir leis an leibhéal ionchur sa táirgeadh a athrú."
Tabhair míniú chomh maith agus is féidir leat ar an ráiteas sin.

**3.** Ainmnigh *trí* chineál buiséid a úsáidtear i bPleanáil Feirme agus luaigh na himthosca ina n-úsáidtear gach buiséad díobh.

**4.**



Léiríonn an léaráid thuas na hathruithe in éileamh agus i soláthar táirgí bia idir 1985 agus 1995.

(a) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar, cuir lipéad ar na haiseanna ar na cuair éilimh agus soláthair ag léiriú na méaduithe ó 1985 go 1995.

(b) Léirigh ar an léaráid an t-athrú praghais idir 1985 sgus 1995 mar thoradh ar na hathruithe in éileamh agus i soláthar.

(c) Mínigh na príomhathróga is cúis le héileamh agus soláthar táirgí bia athrú ar dheis san fhadtéarma.

**5.** (a) Déan idirdhealú idir costais *sheasta* agus costais *athraitheacha* san fheirmeoireacht.


(b) Tabhair eolas faoi shuíomh feirmeoireachta:-

(i) ar costas seasta é talamh
(ii) ar costas athraitheach é talamh
(iii) ar costas seasta é saothar
(iv) ar costas athraitheach é saothar

(c) Déan cóip den ráiteas seo a leanas agus críochnaigh é:

Is ionann aschur lúide costais athraitheacha agus ____________________

**6.** Córas Taca Praghsanna CAP




(a) Ag féachaint ar an léaráid thuas de chóras ginearálta taca praghsanna CAP, tabhair na praghsanna a luaitear ag A,B,C,D, agus E.

(b) Tabhair garleibhéal phraghsanna margaidh an AE faoin gcóras taca sin:-
(i) nuair a bhíonn easnamh tráchtearra laistigh den AE.
(ii) nuair a bhíonn barrachas tráchtearra laistigh den AE.